# Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar an phróiséas comhairliúcháin iltaobhach maidir le Cód Iompair do dhaoine i mbun brústocaireacht

28 Samhain 2018

# Clár Ábhar


1. Réamhrá .... 3

2. Alt 16 den Acht .... 3

2.1 Alt 16(1) den Acht .... 3

2.2 Alt 16(2) den Acht .... 4

2.3 Alt 16(3) den Acht .... 4

3. An cur chuige i leith comhairliúcháin .... 5

4. Comhairliúchán .... 5

5. Achoimre ar na Tuairimí a fuarthas i dtaca leis an gCód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta .... 6

5.1 Tuairimí Ginearálta ar an dréachtchód .... 6

5.2 Tuairimí ar phrionsabail shonracha an dréacht-Chóid .... 9

Prionsabal 1 – Meas ar chomhlachtaí poiblí a léiriú .... 9

Prionsabal 2 – Gníomhú le Macántacht agus le hIonracas .... 10

Prionsabal 3 – Cruinneas Faisnéise a Chinntiú .... 11

Prionsabal 4 – Aitheantas agus Cuspóir na nGníomhaíochtaí Brústocaireachta a Nochtadh .... 12

Prionsabal 5 – Leasanna a Nochtadh .... 13

Prionsabal 6 – Rúndacht a Choimeád .... 14

Prionsabal 7 – Tionchar Míchuí a Sheachaint .... 15

Prionsabal 8A – Forálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil a Chomhlíonadh – Cláruithe agus Tuairisceáin .... 16

Prionsabal 8B - “Tréimhse Mharana” .... 17

Prionsabal 9 – Aird a thabhairt ar an gCód Iompair .... 18

5.3 Tuairimí/Moltaí a bhaineann le saincheisteanna eile maidir le Brústocaireacht a Rialáil: .... 18

6. Comhfhreagras leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe .... 24

7. Foilsiú na Tuarascála agus For-rochtain .... 24

Aguisín A - Daoine a chuir tuairimí nó moltaí ar fáil .... 25

# 1. Réamhrá

Imríonn an bhrústocaireacht ról tábhachtach maidir le cinnteoireacht phoiblí éifeachtach a chur chun cinn. Cabhraíonn sí lena chinntiú go ndéantar beartais a cheapadh agus a fhorbairt ar bhealach láneolach. Tá sé tábhachtach, mar sin, go mbeadh deiseanna córa cothromasacha ag gach páirtí agus ag gach leas chun a smaointe agus a n-ábhair imní a chur in iúl agus chun rannchuidiú le cinnteoireacht phoiblí.

Bhí ciall dhiúltach ar leith leis an téarma 'brústocaireacht' roimhe seo mar gheall ar an dearcadh a bhí ann go raibh rochtain mhíchuí agus tionchar míchuí ag leasanna áirithe ar dhéantóirí beartais agus ar reachtóirí. Is é an aidhm atá leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil (an tAcht) an próiseas brústocaireachta a dhéanamh níos trédhearcaí trí dheis a thabhairt don phobal a fháil amach, maidir le beartas poiblí, cé na daoine atá ag iarraidh tionchar a imirt agus cé na daoine agus na nithe a bhfuil siad ag iarraidh tionchar a imirt orthu. Baintear an trédhearcacht sin amach trí Chlár Brústocaireachta ar líne, atá ar fáil ag www.lobbying.ie. Ó tháinig an Clár i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015, chláraigh níos mó ná 1,750 duine ar an gClár agus fuarthas níos mó ná 27,000 tuairisceán maidir le gníomhaíocht brústocaireachta.

Cé go bhfuil an bhrústocaireacht níos trédhearcaí anois mar thoradh ar an Acht agus ar thabhairt isteach an Chláir ar líne, is amhlaidh nach dtugtar aghaidh go fóill ar an mbealach ina seoltar gníomhaíochtaí brústocaireachta. Foráiltear le halt 16 den Acht do Chód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Is é cuspóir an Chóid féachaint lena chinntiú go ndéantar brústocaireacht ar bhealach eiticiúil a threisíonn cuspóirí an Achta.

Tá sé beartaithe go gcomhlánódh an Cód forálacha an Achta agus oibriú éifeachtach an chláir ar líne. Chun é sin a dhéanamh, leagtar amach sa Chód teimpléad le haghaidh gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh de réir prionsabail a bhfuil glacadh leo. Ar an mbealach sin, cabhrófar le freastal ar ionchas an phobail go seolfar gníomhaíochtaí brústocaireachta ar bhealach eiticiúil trédhearcach. Cabhrófar freisin lena chinntiú go mbeidh oifigigh phoiblí thofa nó cheaptha a ndéanann daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta i dteagmháil leo in ann a fháil amach go héasca cé na leasanna a ndéanann an duine ionadaíocht dóibh agus cén toradh atá an duine sin ag iarraidh a bhaint amach.

# 2. Alt 16 den Acht

## 2.1 Alt 16(1) den Acht

Foráiltear le halt 16(1) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) Cód Iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí

brústocaireachta *"d'fhonn ardchaighdeáin ghairmiúla agus dea-chleachtas a chur chun cinn"*.

Cé gur tháinig forálacha alt 16 den Acht i bhfeidhm tráth thosach feidhme na reachtaíochta, mheas an Coimisiún go mbeadh sé stuama forbairt aon Chóid Iompair a iarchur go dtí go mbeadh forálacha forfheidhmithe an Achta i bhfeidhm agus go dtí go mbeadh ag éirí go maith leo. Measadh freisin go mbeadh sé stuama fanacht go dtí go mbeadh an chéad athbhreithniú ar an Acht críochnaithe i gcás go bhféadfadh aon athruithe ar an Acht a thiocfadh as an athbhreithniú dul i bhfeidhm ar fhorbairt an chóid. Bhí sé tábhachtach don Choimisiún, mar rialálaí, freisin roinnt taithí a ghnóthú ar ghníomhaíocht brústocaireachta a rialáil sula ndéanfadh sé iarracht cód iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Toisc go bhfuil an tAcht iomlán tosaithe agus gur críochnaíodh an t-athbhreithniú gan aon tograí reachtacha nua a chur ar aghaidh, mheas an Coimisiún go raibh sé in am Cód Iompair a thabhairt isteach.

## 2.2 Alt 16(2) den Acht

Foráiltear le halt 16(2) gurb amhlaidh, sula ndéanfar Cód Iompair a tháirgeadh, go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus le cibé comhlachtaí atá ionadaitheach dóibh agus le cibé daoine eile is cuí leis an gCoimisiún. Chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúchán forleathan ar an gCód Iompair atá beartaithe aige. Tá sonraí faoin bpróiseas comhairliúcháin agus faoi na haighneachtaí a fuarthas leagtha amach i rannáin 3 agus 4 den tuarascáil seo.

## 2.3 Alt 16(3) den Acht

Foráiltear le halt 16(3) go bhféadfaidh forálacha éagsúla i ndáil le tuairiscí éagsúla de dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a bheith sa Chód. Mar gheall ar an éagsúlacht agus an raon daoine a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an Achta, áfach, cruthaítear dúshláin maidir le sraith caighdeán comhroinnte a shainiú ar a bhféadfaí aon chód iompair a bhunú. Féadfaidh feidhm a bheith ag forálacha an Achta maidir le fostóirí; maidir le comhlachtaí ionadaitheacha nó tathanta; maidir le brústocairí gairmiúla nó tríú páirtithe a bhfuiltear ag íoc leo chun cumarsáid a dhéanamh thar ceann duine eile; agus, rud suntasach, maidir le h**aon duine** a dhéanann cumarsáid faoi thalamh a fhorbairt nó a chriosú.

Toisc go bhféadfadh feidhm a bheith ag an Acht maidir le raon leathan daoine, mar sin, mheas an Coimisiún gurbh fhearr anseo cód iompair atá bunaithe ar phrionsabail ná cód iompair atá bunaithe ar rialacha. Tá an Cód bunaithe ar rialacha, áfach, a mhéid a dhéantar tagairt ann do cheanglais an Achta i ndáil le clárú agus tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach agus do na srianta iarfhostaíochta a bhfuil feidhm acu maidir le hoifigigh phoiblí thofa agus cheaptha áirithe.

## 3. An cur chuige i leith comhairliúcháin

Le linn dó an páipéar comhairliúcháin agus an dréacht-Chód Iompair a ullmhú, bhain an Coimisiún leas as an taithí atá aige ar an Acht a riar agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar oibriú an chláir ar líne. Thug an Coimisiún aird ar roinnt cód agus próiseas comhairliúcháin den chineál céanna i ndlínsí eile freisin.

Mar atá luaite thuas, mheas an Coimisiún gurbh oiriúnaí anseo cód iompair atá bunaithe ar phrionsabail ná cód iompair atá bunaithe ar rialacha. Mheas an Coimisiún go bhféadfadh an tsraith prionsabal seo a leanas teimpléad a thabhairt le haghaidh gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh ar bhealach eiticiúil a threisíonn cuspóirí an Achta:

1) Meas ar institiúidí a léiriú
2) Gníomhú le macántacht agus le hionracas
3) Cruinneas faisnéise a chinntiú
4) Aitheantas agus cuspóir na ngníomhaíochtaí brústocaireachta a nochtadh
5) Leasanna a nochtadh
6) Rúndacht a choimeád
7) Tionchar míchuí a sheachaint
8) Forálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil a chomhlíonadh
9) Aird a thabhairt ar an gCód Iompair

## 4. Comhairliúchán

Mheas an Coimisiún go mbeifí in ann próiseas comhairliúcháin níos fiúntaí agus níos dírithe a reáchtáil ach dréachtchód iompair a scaipeadh a bheadh bunaithe ar na prionsabail thuas agus ina léireofaí na nithe a mheas an Coimisiún a bheith ar na gnéithe is fearr de na cóid eile a bhreithnigh sé. Ullmhaíodh páipéar comhairliúcháin agus dréacht-Chód Iompair ansin. Foilsíodh glao ar aighneachtaí ar an dréacht-Chód Iompair i nuachtáin náisiúnta (Times, Independent agus Examiner) Dé Sathairn an 7 Iúil 2018. Rinneadh an páipéar comhairliúcháin, an dréacht-Chód agus an glao ar aighneachtaí a fhoilsiú freisin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, ar an suíomh Gréasáin do Bhrústocaireacht a Rialáil agus ar shuíomh Gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go luath i mí Iúil.

Scaipeadh an páipéar comhairliúcháin agus an dréacht-Chód, i dteannta litir chumhdaigh, ar na príomh-gheallsealbhóirí. Scaipeadh iad freisin ar roinnt Rialálaithe Brústocaireachta i ndlínsí eile chomh maith chun a gcuid tuairimí a fháil. Rinneadh an glao ar aighneachtaí, i dteannta naisc chuig an bpáipéar comhairliúcháin agus chuig an dréacht-Chód, a eisiúint chuig gach brústocaire cláraithe tríd an gcóras teachtaireachtaí ar lobbying.ie. Ba é an 31 Iúil 2018 an dáta deiridh a glacadh le haighneachtaí.

Fuarthas 40 freagra san iomlán.  Níor cuireadh in iúl i dtrí cinn de na freagraí sin aon tuairimí ná aon mholtaí maidir leis an gCód Iompair ná maidir le Brústocaireacht a Rialáil i gcoitinne. Fuarthas tuairimí agus moltaí ó Ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí; ó chomhlachtaí rialála eile; ó chomhlachtaí ionadaitheacha agus ó chomhlachtaí tathanta; agus ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair eile.  Tá achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas agus ar an bhfreagra ón gCoimisiún orthu leagtha amach thíos.  Tá liosta de na daoine a chuir tuairimí nó moltaí in iúl maidir leis an gCód Iompair nó maidir le Brústocaireacht a Rialáil i gcoitinne tugtha in Aguisín A a ghabhann leis an tuarascáil seo.  Cheadaigh an Coimisiún leagan athbhreithnithe den Chód Iompair ansin, rud ar cuireadh roinnt de na tuairimí agus na moltaí a fuarthas san áireamh ann. Tá an Cód sin á fhoilsiú inniu.

Ós rud é nach ndearnadh iad chuig Oifigeach Poiblí Ainmnithe, ní mheastar gur gníomhaíocht brústocaireachta iad na haighneachtaí a rinneadh chuig an gCoimisiún.

# 5. Achoimre ar na Tuairimí a fuarthas i dtaca leis an gCód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta

## 5.1 Tuairimí Ginearálta ar an dréachtchód

Fuarthas na tuairimí ginearálta seo a leanas i dtaca leis an dréacht-Chód Iompair

1) Ba cheart an Cód a bheith éigeantach.  Ós rud é nach bhfuil an cód éigeantach agus nach bhfuil aon oibleagáid ann é a chomhlíonadh, d'fhéadfaí "ní mór" a chur in áit aon tagairtí do "ba cheart".

2) Ba cheart iompraíochtaí atá neamhdhleathach agus mí-eiticiúil a thoirmeasc go follasach sa Chód.  Ba cheart a lua sa Chód freisin go bhfuil brústocairí agus eagraíochtaí cuntasach as na gníomhartha a dhéanann siad chun athruithe a bhaint amach.

3) Níl an teanga a úsáidtear sách follasach agus d'fhéadfaí "ciall leathan" a bhaint aisti.  Ba cheart an Cód a bheith scríofa i mBéarla Soiléir nó ba cheart nóta míniúcháin Bhéarla Shoiléir a bheith ag gabháil leis.  Dá ndéanfaí amhlaidh, chuirfí go mór lena éifeachtúlacht.

4) Ba cheart clásal athbhreithniúcháin a chur ar áireamh sa Chód ionas go bhféadfar é a athbhreithniú agus a nuashonrú.

5) Ba cheart cúig phrionsabal na brústocaireachta atá leagtha amach sa treoir ó Thrédhearcacht Idirnáisiúnta maidir le brústocaireacht eiticiúil (dlisteanacht, trédhearcacht, comhsheasmhacht, cuntasacht agus deiseanna) a chur ar áireamh sa Chód.

6) Seachas forálacha an Achta a chomhlíonadh (mar atá leagtha amach i bprionsabal 7A den Chód), níl aon cheanglas ann chun comhsheasmhacht a choimeád le héiteas aon eagraíochta ná le haon chomhlacht rialaithe, ionadaitheach nó ballraíochta lena bhfuil baint ag an eagraíocht.

7) D'fhéadfadh daoine nach measann gur brústocairí iad féin tairbhe a bhaint as samplaí a fháil den obair ghairmiúil a cháilíonn mar bhrústocaireacht. Ba cheart samplaí d'iompraíocht inghlactha agus d'iompraíocht dho-ghlactha a thabhairt sa Chód. D'fhéadfaí foireann uirlisí, fóram ar líne nó ceisteanna coitianta a chur ag gabháil leis an gCód "chun é a chur i bhfeidhm agus chun samplaí nithiúla a thabhairt." D'fhéadfaí roinnt "foinsí agus tagairtí úsáideacha" a chur ar áireamh sa Chód do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear faisnéis faoi na hAchtanna um Eitic, an Cód Trédhearcachta agus an fhaisnéis faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí atá ar fáil ar lobbying.ie.

8) Ba cheart aird a thabhairt sa Chód ar na hoibleagáidí atá ar an earnáil carthanas faoi láthair agus ar raon feidhme an Chóid Rialachais atá le heisiúint ag an Rialálaí Carthanas go luath. Ba cheart "idirdhealú a dhéanamh" sa Chód idir na cineálacha difriúla brústocairí atá ann.

9) An tagairt a dhéantar sa bhrollach a ghabhann leis an gCód go bhféadfadh feidhm a bheith aige do gach cumarsáid le daoine in oifig phoiblí, d'fhéadfadh sí éiginnteacht a chruthú maidir leis na nithe nach mór a thuairisciú go foirmiúil.

10) Ba cheart ceanglas chun gach dlí, rialachán agus riail is infheidhme a chomhlíonadh – i.e. an dlí cosanta sonraí nó an reachtaíocht in aghaidh breabaireachta nó éillithe – a chur ar áireamh sa Chód. Ba cheart ceanglas chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint nó chun aon choinbhleacht den sórt sin a nochtadh a chur ar áireamh ann freisin.

11) Ba cheart tagairt ar leith a dhéanamh sa Chód don fhíric go bhfuil rochtain eisceachtúil nó fhabhrach ag brústocairí áirithe de bhua iad a bheith ina mball de shainghrúpaí agus de ghrúpaí comhairleacha a dtionólann an earnáil phoiblí iad. Ba cheart foráil a dhéanamh sa Chód do mhodhnóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ngrúpaí sin agus ar an dóigh a ngníomhóidh a n-ionadaithe.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas:

- I dtaca le míreanna 1 agus 2 thuas, ní fhoráiltear leis an Acht do Chód Iompair éigeantach. Fágann sé sin nach bhfuil an Cód infhorfheidhmithe. Is cód atá bunaithe ar phrionsabail é an cód. Ní cód atá bunaithe ar rialacha é. Leagtar amach ann conas ba cheart do dhaoine iad féin a iompar ar bhealach eiticiúil le linn dóibh gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh. Ní hé an sásra cuí chun gníomhaíochtaí

brústocaireachta atá neamhdhleathach a thoirmeasc. Foráiltear leis an Acht do chionta agus pionóis a fhorchur orthu sin a sháraíonn an tAcht.

- I dtaca le mír 3, is deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil an Cód scríofa i mBéarla soiléir. Ní mheasann sé go bhfuil nóta míniúcháin Bhéarla Shoiléir ag teastáil.
- I dtaca le mír 4, comhaontaíonn an Coimisiún gur cheart an Cód a chur faoi réir athbhreithniú rialta. Luaitear ann anois go ndéanfar athbhreithniú ar an gCód ar aon dul leis na hathbhreithnithe reachtúla ar an Acht dá bhforáiltear in alt 2 den Acht.
- I dtaca le mír 5, is deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil na prionsabail a úsáideadh cuí agus go bhfuil siad ábhartha don Chód seo. Tugann sé faoi deara go bhfuil an Cód ag teacht, tríd is tríd, le roinnt de na prionsabail atá leagtha amach sa treoir ó Thrédhearcacht Idirnáisiúnta.
- I dtaca le mír 6, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil ceanglas den sórt sin oiriúnach don Chód Iompair seo. Is faoin eagraíocht agus/nó faoina comhlacht rialaithe, ionadaitheach nó ballraíochta atá sé a chinntiú go mbíonn an eagraíocht ag iompar i gcónaí i gcomhréir le haon éiteas nó le haon chaighdeán corparáideach is iomchuí.
- I dtaca le mír 7, measann an Coimisiún go bhfuil samplaí den sórt sin níos oiriúnaí dá gcur ar áireamh sna treoirlínte uaidh agus/nó ina chuid gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana. D’eisigh an Coimisiún roinnt treoirlínte, treoirdhoiciméad agus ceisteanna coitianta maidir le ceanglais an Achta cheana féin. Tá an Coimisiún ag súil go gcuirfear tuilleadh treorach nó ceisteanna coitianta maidir le comhlíonadh an Chóid le chéile le himeacht ama. Chuir an Coimisiún an t-ábhar tagartha iomchuí ar áireamh sa réamhrá a ghabhann leis an gCód.
- I dtaca le mír 8, is eol don Choimisiún go bhfuil cineálacha difriúla brústocairí ann. Ní dhéantar aon idirdhealú san Acht idir na cineálacha difriúla brústocairí atá ann ná idir cuspóir a ngníomhaíochtaí brústocaireachta, agus níor cheart dúinn imeacht ón Acht ina leith sin. Thug an Coimisiún faoi deara sa réamhrá a ghabhann leis an gCód go bhfuil feidhm ag an Acht maidir le raon leathan gníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear iad sin de chuid daoine nach measfadh de ghnáth go bhfuil siad ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta. Is cód atá bunaithe ar phrionsabail é an Cód agus tá sé i gceist go mbeidh feidhm aige maidir le haon duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta (mar atá sainmhínithe san Acht). Measann an Coimisiún gur cheart go mbeadh cód atá bunaithe ar phrionsabail ag teacht le raon feidhme leathan na ndaoine a bhfuil feidhm ag an Acht maidir leo agus gurbh fhearr é sin ná cóid dhifriúla a bheith i bhfeidhm do na catagóirí difriúla brústocairí atá ann.
- I dtaca le mír 9, ní mheasann an Coimisiún go dtiocfaidh aon mhearbhall as an tagairt sa bhrollach. Leagtar amach san Acht na ceanglais tuairiscithe fhoirmiúil atá ann i dtaca le cumarsáidí iomchuí le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe. Moltar cur chuige dea-chleachtais sa Chód, ar cur chuige é ba cheart a úsáid le linn cumarsáid a dhéanamh le gach oifigeach poiblí, agus ní na daoine sin ar oifigigh phoiblí ainmnithe faoin Acht iad amháin.
- I dtaca le mír 10, measann an Coimisiún gur cheart a rá sa Chód nach dtéann an Cód timpeall ar aon cheanglas chun aon reachtaíocht eile, aon chóid iompair ghairmiúla

ná aon rialacha agus rialacháin tionscail a chomhlíonadh agus nach ngabhann sé ionad aon cheanglais den sórt sin.

- I dtaca le mír 11, aithníonn an Coimisiún saincheist na rochtana eisceachtúla nó fabhraí. Mar sin, i bPrionsabal 1 den Chód, chuir sé tagairt ar áireamh do "rochtain eisceachtúil" agus luaigh sé nár cheart mí-úsáid a bhaint aisti. Chomh maith leis sin, tháirg an Coimisiún [nóta treorach do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí] a ghlacann páirt i gCoistí um Beartais Straitéiseacha, i dTascfhórsaí, i nGrúpaí Comhairleacha, etc. ar bhunaigh comhlacht poiblí iad agus a bhféadfadh oibleagáidí a bheith orthu faoin Acht. Déantar tagairt sa nóta treorach freisin do shaincheist na rochtana eisceachtúla nó fabhraí.

## 5.2 Tuairimí ar phrionsabail shonracha an dréacht-Chóid

### Prionsabal 1 – Meas ar chomhlachtaí poiblí a léiriú

Fuarthas na tuairimí/na moltaí seo a leanas i dtaca le Prionsabal 1:

1) Ba cheart tagairt a dhéanamh sa phrionsabal seo do mheas a léiriú ar an bpróiseas daonlathach/ar institiúidí daonlathacha.

2) Cuireadh ábhair imní in iúl faoin moladh nár cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta bheith ag súil le rochtain nó cóir fhabhrach. Luaigh eagraíocht amháin go bhfuil sí ag súil le rochtain agus cóir fhabhrach a fháil "bunaithe ar chritéir oibiachtúla atá i gcomhréir lenár sainordú daonlathach uathúil agus le scála agus tábhacht na hearnála eacnamaíche dá ndéanaimid ionadaíocht". Níor chomhaontaigh eagraíocht eile le foráil uilechuimsitheach ar a bheith ag súil le rochtain fhabhrach toisc go bhféadfadh go mbeadh imthosca ann ina dteastódh "rochtain fhabhrach atá cuí dá riachtanais" ó dhuine a bhfuil bacainní ann ar a rochtain ar dhéantóirí beartais.

3) Cuireadh ábhair imní in iúl go ndéantar iarracht sa chód rialáil a dhéanamh ar an gcaidreamh brústocaireachta le hoifigigh phoiblí ainmnithe lena mbíonn teagmháil rialta ag daoine agus lenar fhorbair siad dea-chaidreamh oibre. Ní annamh an rud é caidreamh oibre a fhorbairt le hoifigeach poiblí ainmnithe agus is féidir leis an gcaidreamh sin cabhrú le saincheist a chur ar aghaidh. D'fhéadfaí srian ginearálta a chur ar rochtain fhabhrach chun "an bonn a bhaint de phróisis fhadbhunaithe oibre comhpháirtíochta". Níor cheart do dhaoine mí-úsáid a bhaint as an gcaidreamh sin, áfach.

4) Bhí ábhair imní ann go bhféadfadh srian ginearálta ar rochtain fhabhrach "foscadh" a thabhairt do dhéantóir beartais, áit a bhféadfadh sé/sí uiríll a sheachaint.

5) Dúradh nár cheart do dhuine bheith ag súil le rochtain fhabhrach i gcás go raibh sé/sí ina c(h)omhghleacaí de chuid an oifigigh phoiblí ainmnithe nó gur oibrigh sé/sí ar fheachtas toghcháin an oifigigh phoiblí ainmnithe roimhe seo.

6) I gcás gurb ann do chaidreamh oibre láidir nó do chaidreamh pearsanta láidir den sórt sin idir brústocaire agus oifigeach poiblí, ba cheart dualgas a bheith ar an oifigeach poiblí coinbhleacht leasa a sheachaint.

7) Ba cheart an tagairt do chaidreamh “oibre” sa mhír dheireanach a bhaint chun go mbeidh feidhm ag an gCód maidir le caidreamh pearsanta freisin.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 1:

- I dtaca le mír 1, chuir an Coimisiún tagairt do mheas ar an bpróiseas daonlathach/ar institiúidí daonlathacha ar áireamh sa Chód.
- I dtaca le míreanna 2 – 5 thuas, leasaigh an Coimisiún an prionsabal seo chun a rá nár cheart do dhuine féachaint le rochtain fhabhrach a fháil bunaithe ar aitheantas an duine nó ar chaidreamh an duine le hoifigeach poiblí ainmnithe nó le comhlacht agus nár cheart do dhuine féachaint le mí-úsáid nó sochar a bhaint as aon chaidreamh den sórt sin.
- I dtaca le mír 6, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an Cód Iompair ceaptha do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus nach bhfuil sé dírithe ar chomhlachtaí poiblí ná ar oifigigh phoiblí ainmnithe. Is ag oifigigh phoiblí ainmnithe atá a gCód Iompair féin lena bhforáiltear do choinbhleachtaí leasa.
- I dtaca le mír 7, leasaigh an Coimisiún an Cód chun an moladh sin a chur san áireamh.

## Prionsabal 2 – Gníomhú le Macántacht agus le hIonracas

Fuarthas na tuairimí/na moltaí seo a leanas i dtaca le Prionsabal 2:

1) Ba cheart an fhoclaíocht maidir le ‘macántacht agus ionracas’ a neartú chun coincheapa amhail "cumadóireacht nó bréag" agus "míthreorach d’aon turas" a chur ar áireamh inti. D’fhéadfaí a lua san abairt dheireanach den chéad mhír gur cheart do dhaoine a gcás a dhéanamh gan faisnéis a mhí-ionramháil nó a chur i láthair ar bhealaí “is eol a bheith mímhacánta, cumtha agus/nó bréagach”.

2) Maidir le faisnéis a chur i láthair go cruinn, dúirt eagraíocht amháin go bhfuil dhá thaobh ar gach argóint agus nach bhféadfaí a bheith ag súil go gcuirfeadh aon duine gach gné d’aon saincheist i láthair.

3) Níor cheart aon rud a rá sa Chód maidir le brú a chur ar oifigeach poiblí ainmnithe.

4) D’fhéadfaí ciall leathan a bhaint as téarmaí suibiachtúla amhail “brú míchuí” agus “iompraíocht mhíchuí”. D’fhéadfadh oifigigh phoiblí ainmnithe téarmaí den sórt sin a úsáid chun brústocaireacht “a fhoriamh”. Mar thoradh ar a shuibiachtúla nó a

“dhoiléire” atá na téarmaí, d’fhéadfadh sé bheith dúshlánach gníomhaíocht leantach a dhéanamh ar ghearáin faoi “bhrú míchuí” nó faoi “iompraíocht mhíchuí”.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 2:

- I dtaca le mír 1, chuir an Coimisiún an focal “míthreorach” ar áireamh san abairt dheireanach den chéad mhír den phrionsabal seo.
- I dtaca le míreanna 2 – 4, ní chomhaontaíonn an Coimisiún nár cheart aon rud a rá sa Chód maidir le brú a chur ar oifigeach poiblí ainmnithe. Tar éis dó na tuairimí/na moltaí i míreanna 2 - 4 a bhreithniú, chinn an Coimisiún a rá sa Chód nár cheart do dhaoine féachaint le faisnéis a fháil nó le tionchar a imirt ar chinntí ar bhealach mímhacánta nó trí úsáid a bhaint as “modhanna míchuí nó as tionchar míchuí”.

## Prionsabal 3 – Cruinneas Faisnéise a Chinntiú

Fuarthas na tuairimí/na moltaí seo a leanas i dtaca le Prionsabal 3:

1) Ba cheart faisnéis fhíorasach a sholáthar faoi cad is cumarsáid “eiscthe” ann. D’fhéadfadh gurbh fhearr an téarma “uiríll fhíora” ná an téarma “fíorasach agus cruinn” maidir leis an bprionsabal a léiriú.

2) Sa chéad abairt, ba cheart ceanglas a chur ar bhrústocairí a chinntiú gur faisnéis chruinn, fhíorasach agus “dhlisteanach” í aon fhaisnéis a sholáthraítear. Moladh freisin gur cheart ceanglas a bheith ann chun faisnéis atá ceart go fíorasach, cothrom le dáta agus cruinn a sholáthar.

3) Ba cheart an bhéim a chur ar fhaisnéis a mhí-ionramháil “go toiliúil”. D’fhéadfaí an méid sin a léiriú sa chuid seo den Chód.

4) Ba cheart an ceanglas chun faisnéis a nuashonrú a theorannú do chásanna ina raibh athrú ábhartha ann ar nithe iomchuí ar ina leith a leanann an duine le brústocaireacht a sheoladh go gníomhach.

5) Níor cheart ceanglais neamhréasúnacha a chur ar bhrústocairí sa Chód chun taighde agus fianaise a bhailíochtú ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair. D’fhéadfadh sé sin ualach neamhriachtanach a chruthú d’eagraíochtaí agus d’fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe (neamhshonraithe) teacht chun cinn dá bharr.

6) D’fhéadfadh oifigigh phoiblí ainmnithe an prionsabal seo a úsáid chun diúltú do theagmháil brústocaireachta i gcás go dtagann siad ar an gconclúid go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh míchruinn, as dáta nó neamhiomlán.

7) Ba cheart a bheith ag súil go sásóidh brústocairí gach geallsealbhóir iomchuí maidir le cruinneas na faisnéise a úsáideann siad chun tionchar a imirt ar bheartas poiblí. Ba

cheart spreagadh a thabhairt do bhrústocairí sa Chód aon fhaisnéis a comhroinneadh le comhlachtaí poiblí nó le hoifigigh a fhoilsiú (le toiliú ón gcliant). Chun an méid sin a éascú, d'fhéadfaí réimse téacs a sholáthar sa Chlár chun brústocairí a chumasú nasc a chur isteach chuig an bhfaisnéis fhoilsithe.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 3:

- I dtaca le míreanna 1 – 3 thuas, is eol don Choimisiún nach gníomhaíocht brústocaireachta atá i bhfaisnéis fhíorasach a sholáthar amháin. Tá an Cód ceaptha do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta, áfach, agus is é atá i gceist leis an tagairt d'fhaisnéis fhíorasach sa chomhthéacs seo ná faisnéis fhíorasach a sholáthar chun tacú le gníomhaíochtaí brústocaireachta. Is deimhin leis an gCoimisiún go gcomhlíonann an ceanglas chun faisnéis chruinn fhíorasach a sholáthar cuspóir an phrionsabail seo.
- I dtaca le mír 4 thuas, ní chomhaontaíonn an Coimisiún leis an moladh. Mar sin féin, leasaigh sé an tagairt sa phrionsabal d'fhaisnéis "a soláthraíodh roimhe" agus a bhféadfadh an comhlacht poiblí nó an t-oifigeach poiblí a bheith ag brath uirthi go fóill.
- I dtaca le míreanna 5 agus 6, is le daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaineann an Cód. Mar sin, is cuí an rud é go mbeadh dualgas ar dhaoine faisnéis chruinn fhíorasach a sholáthar. Níor cheart aon "ualach neamhriachtanach" teacht as a chinntiú gur faisnéis chruinn fhíorasach í an fhaisnéis a úsáidtear chun tacú le gníomhaíocht brústocaireachta. Má tá faisnéis atá míchruinn, as dáta nó neamhiomlán á soláthar ag duine chun tacú le gníomhaíochtaí brústocaireachta, níor cheart a bheith ag súil go dtabharfaidh oifigeach poiblí ainmnithe neamhaird ar an iompraíocht sin.
- I dtaca le mír 7, cé go bhfuil an Coimisiún sásta tagairt a chur ar áireamh sa Chód lena dtugtar spreagadh do bhrústocairí aon taighde, aon staitisticí nó aon fhaisnéis eile a úsáideadh chun tacú lena ngníomhaíochtaí brústocaireachta a fhoilsiú, tá sé den tuairim dhaingean nár cheart an Clár a úsáid mar mheán nó mar stór le haghaidh faisnéis den sórt sin.

## Prionsabal 4 – Aitheantas agus Cuspóir na nGníomhaíochtaí Brústocaireachta a Nochtadh

Fuarthas na tuairimí/na moltaí seo a leanas i dtaca le Prionsabal 4:

1) Ba cheart tagairt a dhéanamh "d'eagraíochtaí" freisin san abairt dheireanach den chéad mhír.

2) Ba cheart tagairt a dhéanamh do leasanna "díreacha agus indíreacha" sa tríú mír den phrionsabal seo.

3) Ba cheart Prionsabal 4 a bheith nasctha níos dlúithe le prionsabal 5 maidir le leasanna a nochtadh. Is gá tuilleadh béime a chur ar shainaithint a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil leasanna tráchtála acu i gcinntí beartais. Trí aitheantas agus leasanna na ndaoine lena mbaineann agus cuspóir na brústocaireachta a nochtadh ina n-iomláine, beidh sé níos éasca don phobal agus do dhaoine a ndéantar brústocaireacht orthu a shainaithint cé atá ag déanamh brústocaireachta agus cén fáth. Ar an mbealach sin, cabhrófar le sainaithint a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil leasanna tráchtála acu agus atá ag iarraidh tionchar a imirt ar chinntí beartais.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 4:

- Measann an Coimisiún go mbainfeadh teideal an phrionsabail seo tairbhe as na focail "do chomhlachtaí poiblí agus d'oifigigh phoiblí" a chur ar áireamh ann.
- Comhaontaíonn an Coimisiún gur cheart tagairt a dhéanamh "d'eagraíochtaí" freisin san abairt dheireanach den chéad mhír. Measann sé chomh maith gur cheart tagairt a dhéanamh do "leasanna an chliaint sa ní" san abairt chéanna.
- Maidir le mír 3 thuas, measann an Coimisiún gur cheart an tagairt do "leasanna" sa tríú mír den phrionsabal a athrú chuig "aon leasanna pearsanta" sa ní ar a bhfuil siad ag déanamh brústocaireachta.

## Prionsabal 5 – Leasanna a Nochtadh

Fuarthas na tuairimí/na moltaí seo a leanas i dtaca leis an bprionsabal seo:

1) Ba cheart ceanglas chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint nó a nochtadh a chur ar áireamh ann. Ba cheart an prionsabal a leathnú freisin chun "líonraí leasanna airgid, bíodh siad díreach nó indíreach" a chur ar áireamh ann.

2) I réimsí áirithe ina ndéanann eagraíocht ionadaíocht do leasanna a thagann salach ar an réimse beartais ar leith (an tsláinte phoiblí, mar shampla), ní mór an méid sin a lua go soiléir. Ba cheart Prionsabal 5 a neartú chun go gcuirfear faisnéis ar fáil maidir le cuspóirí, tairbhithe, foinsí cistiúcháin agus spriocanna an bhrústocaire.

3) Is féidir nach mbeidh sé indéanta oibleagáidí a chódú maidir le leasanna agus rúndacht ó thaobh an chaidrimh idir an brústocaire agus an cliant de. Baineadh forálacha den sórt sin de Chóid Iompair eile chun go gcuirfí díriú ar an gcaidreamh idir an brústocaire agus an t-oifigeach poiblí.

4) Is féidir go bhfuil deacrachtaí ann leis an bhfoclaíocht a úsáidtear sa dara mír den phrionsabal seo.

5) Pléitear i bPrionsabal 5 le dhá shaincheist ar leith. Baineann an chéad mhír le nochtadh coinbhleachtaí leasa nó leasanna iomaíocha. Baineann an dara mír le mí-

ionadaíocht a bheith á déanamh ag brústocairí gairmiúla nó brústocairí tríú páirtí dá rochtain ar oifigigh phoiblí ainmnithe agus ar chomhlachtaí poiblí. Ba cheart caitheamh leis na prionsabail sin mar phrionsabail ar leith, dá bhrí sin.

6) Saincheist idir an brústocaire gairmiúil agus an cliant atá i nochtadh coinbhleachtaí leasa nó leasanna iomaíocha agus is i gCóid Iompair ghairmiúla a sholáthraítear is fearr dóibh.

7) Níor cheart glacadh leis sa Chód go mbeadh an acmhainn nó an léargas ag comhlachtaí ionadaíocha chun go mbeadh siad eolach ar leasanna/choinbhleachtaí leasa a chomhlachtaí ballraíochta.

8) Ba cheart a lua sa chéad mhír nach bhféadfaidh duine ionadaíocht a dhéanamh do leasanna iomaíocha nó do leasanna atá ag teacht salach ar a chéile ach amháin i gcás go mbeidh an ball in ann gníomhú don dá chliant leis an ngairmiúlacht chéanna agus leis an dualgas cúraim céanna agus i gcás go ndearnadh iarrachtaí réasúnacha toiliú na gcliant a fháil.

9) Teastaíonn tuilleadh soiléire nó sainmhíniú ar théarmaí amhail "comhlacht gairmiúil", "teaghlach", "gnó/gnólacht" agus "cumainn shóisialta" a úsáidtear i mír 1 den phrionsabal.

10) Chuirfí feabhas ar na cosaintí a bheartaítear leis an dara mír de phrionsabal 5 dá gcuirfí na focail "go místuama" nó "go faillíoch" ar áireamh. Is é an toradh a bheadh air sin nach saorfaí ó na hiarmhairtí na brústocairí sin ar cheart dóibh a bheith ar an eolas go raibh a maíomh míthreorach nó áibhéalta.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 5:

- Tar éis dó na tuairimí agus na moltaí a fuarthas i dtaca leis an bprionsabal seo a athbhreithniú, is deimhin leis an gCoimisiún nach bhfuil an chéad mhír den phrionsabal seo oiriúnach don Chód Iompair seo. Chuige sin, dá bhrí sin, baineadh an chéad mhír den phrionsabal seo den Chód.
- Cuireadh an dara mír ar áireamh i bprionsabal 2 – Gníomhú le macántacht agus le hionracas.

### Prionsabal 6 – Rúndacht a Choimeád

Fuarthas na tuairimí/na moltaí seo a leanas i dtaca leis an bprionsabal seo:

1) Is féidir go bhfuil an chéad mhír den phrionsabal seo róshrianta ós rud é gurb é aidhm an Achta tuilleadh soiléire a thabhairt ar idirghníomhartha brústocaireachta. Ba cheart an prionsabal a fhorbairt tuilleadh chun na hoibleagáidí trédhearcachta ar na daoine sin atá ag tabhairt faoi bhrústocaireacht a shoiléiriú agus chun tuilleadh

sonraí a thabhairt faoi na himthosca ina bhféadfadh oibleagáidí rúndachta teacht chun cinn.

2) Ba cheart na focail *"i gcás gur comhaontaíodh é sin go follasach idir an dá pháirtí roimh ré"* a chur ar áireamh sa chéad mhír den phrionsabal seo.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 6:

- Is é cuspóir an Achta trédhearcacht a thabhairt maidir le daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Níl sé mar chuspóir leis an Acht faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí nó oifigeach poiblí a nochtadh nó a fhoilsiú. Maidir leis na tuairimí a fuarthas, leasaigh an Coimisiún an prionsabal seo chun a lua nár cheart do dhuine aon fhaisnéis rúnda a fuarthas ó chomhlacht poiblí a úsáid agus a nochtadh ach amháin mar a comhaontaíodh leis an gcomhlacht poiblí agus ar shlí atá ag teacht leis an gcuspóir ar chuige a comhroinneadh an fhaisnéis.

## Prionsabal 7 – Tionchar Míchuí a Sheachaint

Fuarthas na tuairimí/na moltaí seo a leanas i dtaca leis an bprionsabal seo:

1) Ba cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta bheith láneolach ar an bhfaisnéis is cothroime le dáta atá ar fáil ar shuíomhanna Gréasáin na n-eagraíochtaí a bhfuil brústocaireacht á déanamh orthu maidir le brústocaireacht, le ceanglais an Chóid Trédhearcachta agus le hoifigigh phoiblí ainmnithe.

2) Is féidir go mbeidh ag Ranna difriúla agus ag comhlachtaí poiblí difriúla a dtreoirlínte féin maidir le glacadh le bronntanais agus nithe eile. Thabharfaí le tuiscint sa phrionsabal gur cheart do bhrústocaire bheith ar an eolas faoi gach sraith treoirlínte, a bhfuil treoirlínte atá doiligh le rochtain ina measc in amanna. Ba cheart tagairt shonrach a dhéanamh sa phrionsabal do Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

3) Is doiléir atá foclaíocht an phrionsabail seo agus tá an chuma air gur ar an mbrústocaire, agus ní ar an oifigeach poiblí ainmnithe, a leagtar an fhreagracht as a chinntiú nach sárófar an reachtaíocht um eitic ná cóid iompair, i measc nithe eile. Ba cheart an prionsabal a athdhréachtú chun dualgas a chur ar an dá pháirtí gan aon dlí, i measc nithe eile, a shárú nó, mar mhalairt air sin, chun cosc a chur ar bhronntanais nó fáilteachas a thabhairt d'oifigigh phoiblí i gcás go bhfuil "caidreamh inchláraithe" ann.

4) Níor cheart freagracht as iompraíocht oifigeach tofa agus oifigeach poiblí a leagan ar an mbrústocaire. Ba cheart an dualgas a bheith ar an oifigeach tofa nó ar an oifigeach poiblí i gcónaí a chinneadh cé acu is ann nó nach ann do choinbhleacht leasa. Ba cheart ceanglas a bheith ar dhuine a sheolann gníomhaíochtaí

brústocaireachta “bearta réasúnacha a dhéanamh” chun iad féin a chur ar an eolas faoi chóid iompair, treoirlínte agus nithe eile a bhaineann le hoifigigh phoiblí ainmnithe.

5) Thángthas ar dheacrachtaí maidir leis an téama “tionchar míchuí a sheachaint” a úsáid.

6) Ba cheart srianta a bheith ann ar bhronntanais a thairiscint, lena n-áirítear fáilteachas a thabhairt. Ba cheart a shoiléiriú sa chód nár cheart do bhrústocairí aon bhronntanais nó siamsaíocht a thairiscint d’oifigigh a bhfuil siad ag déanamh brústocaireacht orthu, is cuma cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go gcruthaíonn sé coinbhleacht leasa atá fíor nó braite.

7) Ba cheart coincheap an tionchair mhíchuí a leathnú chun “dul chun cinn indíreach/tánaisteach” a chur ar áireamh.

8) Ba cheart cosc a chur ar dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta tionchar a imirt ar oifigigh phoiblí ainmnithe, seachas i gcás fianaise, faisnéis, argóintí agus “eispéiris” a chur ar fáil lena dtacaítear le toradh beartaithe.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 3:

- Tar éis dó na haighneachtaí a fuarthas i dtaca leis an bprionsabal seo a bhreithniú, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart a lua sa phrionsabal nár cheart do bhrústocairí tairiscintí bronntanas nó fáilteachais a dhéanamh agus gur cheart do bhrústocairí aird a thabhairt ar Chóid Iompair chuí d’oifigigh phoiblí. Tarraingeoidh an Coimisiún aird ar leith ar an gcuid seo den Chód Iompair freisin i dtreoirlínte athbhreithnithe d’oifigigh phoiblí ainmnithe a bhfuil sé beartaithe aige iad a fhoilsiú roimh i bhfad.
- I dtaca le tuairim 7 thuas, measann an Coimisiún go ngabhtar dul chun cinn indíreach/tánaisteach le húsáid an fhocail “dreasacht” sa dara mír.
- I dtaca le tuairim 8 thuas, cuirfidh an Coimisiún an moladh seo ar áireamh i mír 2 den phrionsabal.

### Prionsabal 8A – Forálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil a Chomhlíonadh – Cláruithe agus Tuairisceáin

Fuarthas na tuairimí/moltaí seo a leanas i dtaca leis an gcuid seo de phrionsabal 8:

1) Ba cheart foráil a dhéanamh sa Chód do dhaoine aonair eolas a chur ar shocruithe a n-eagraíochta le haghaidh gníomhaíochtaí brústocaireachta a thaifeadadh agus a thuairisciú.

2) Aithníonn an Coimisiún sa Chód (nó in áit eile) go bhfuil sé cuí do cheann eagraíochta móire duine amháin nó níos mó de dhaoine freagracha a cheapadh chun gníomhaíochtaí brústocaireachta na heagraíochta a mhaoirsiú agus a rialú.

3) Ba cheart ceanglas a chur leis an gCód ar dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus ar chinn eagraíochtaí eolas a thabhairt do dhaoine eile faoi na hoibleagáidí atá ar gach duine faoi seach faoin Acht agus faoin gCód.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 3:

- Measann an Coimisiún go ngabhtar na moltaí thuas den chuid is mó sa phrionsabal mar atá sé. Ní dhearnadh aon leasuithe ar phrionsabal 8A.

### Prionsabal 8B - "Tréimhse Mharana"

Fuarthas na tuairimí/moltaí seo a leanas i dtaca leis an gcuid seo de phrionsabal 8:

1) Tá sé níos doilí an prionsabal seo a thuiscint mar gheall ar an "teanga dhleathaíoch agus an tuin dhleathaíoch" a úsáidtear istigh ann. Ba cheart an téarma "Srianta ar oifigigh phoiblí ainmnithe agus iad i mbun brústocaireachta tar éis fostaíochta" a úsáid in ionad "tréimhsí marana".

2) Ba cheart an prionsabal seo a athdhréachtú chun freagracht a leagan ar iar-oifigigh phoiblí ainmnithe. (Cuireadh foclaíocht mholta ar fáil).

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas maidir le prionsabal 3:

- I dtaca le tuairim 1 thuas, is deimhin leis an gCoimisiún gur leis an teanga a úsáidtear a ghabhtar ceanglais alt 22 den Acht ar an mbealach is fearr. Is deimhin leis an gCoimisiún go mbeidh an chuid is mó de dhaoine ar an eolas faoina bhfuil i gceist leis an téarma "tréimhse marana".
- I dtaca le tuairim 2 thuas (agus leis an bhfoclaíocht mholta a cuireadh ar fáil), is le forálacha alt 22 den Acht cheana féin a leagtar freagracht ar oifigigh phoiblí ainmnithe an tAcht a chomhlíonadh. Níl sé mar chuspóir ag an bprionsabal seo an fhreagracht sin a mhaolú. Is le daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaineann an Cód Iompair seo. Ní bhaineann sé le hoifigigh phoiblí ainmnithe. Is iad seo na cuspóirí atá le comhlíonadh na tréimhse marana a chur ar áireamh sa Chód: 1) feasacht a chruthú ar cheanglais alt 22 i measc brústocairí a d'fhéadfadh a bheith ina bhfostóirí ionchasacha d'oifigigh phoiblí ainmnithe iomchuí, agus 2) meon comhlíonta a chothú trína chinntiú gurb eol do dhaoine atá ag iarraidh oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí a fhostú go bhfuil an duine faoi réir tréimhse mharana agus

go bhféachfaidh siad lena fháil amach cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon sé/sí a c(h)eanglais.
- Athdhréachtóidh an Coimisiún an mhír dheireanach den phrionsabal seo chun a lua gur cheart do dhuine atá ag iarraidh oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí a fhostú bheith ar an eolas faoi fhorálacha alt 22 agus a fháil amach cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an duine iad.

### Prionsabal 9 – Aird a thabhairt ar an gCód Iompair

Ní bhfuarthas aon bharúlacha ná aon tuairimí sonracha ar bith i dtaca leis an bprionsabal seo.

### 5.3 Tuairimí/Moltaí a bhaineann le saincheisteanna eile maidir le Brústocaireacht a Rialáil:

Fuair an Coimisiún roinnt tuairimí agus moltaí eile nár bhain go sonrach leis an dréacht-Chód Iompair. Mar sin féin, leag an Coimisiún amach thíos roinnt de na saincheisteanna eile a bhaineann le Brústocaireacht a Rialáil ar tugadh tuairimí agus moltaí ina leith. Is féidir freagra an Choimisiúin orthu a fháil thíos freisin.

*Freagrachtaí ar oifigigh phoiblí ainmnithe agus ar chomhlachtaí poiblí*

Ba iad seo a leanas na Tuairimí/Moltaí a fuarthas i dtaca leis na freagrachtaí atá ar oifigigh phoiblí ainmnithe agus ar chomhlachtaí poiblí:

1) Ba cheart do chomhlachtaí poiblí an comhfhreagras agus an chumarsáid ar fad a bhaineann le gníomhaíochtaí brústocaireachta a thaifeadadh. Ba cheart níos mó béime a bheith ann ar choinneáil taifead i gcás daoine a chumhdaítear leis an Acht agus i gcás na mball foirne sin nach gcumhdaítear leis an Acht.

2) Ní chloítear go comhsheasmhach leis an treoir á lua gur cheart d'oifigigh phoiblí ainmnithe a chur in iúl gur oifigigh phoiblí ainmnithe iad. Ba cheart d'oifigigh phoiblí ainmnithe a stádas mar oifigeach poiblí ainmnithe a chur in iúl ar a gcártaí gnó, ar a síniú ríomhphoist, ar an liosta ar an suíomh Gréasáin, etc.

3) Tarlaíonn sé in amanna nach cothrom le dáta atá na liostaí d'oifigigh phoiblí ainmnithe atá ar fáil ar shuíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí. Ba cheart ceanglas a bheith ar chomhlachtaí poiblí a bhfuil oifigigh phoiblí ainmnithe acu "taifid phoiblí" dá gcuid oifigeach poiblí ainmnithe a chothabháil. Ba cheart a lua sa Chód gur cheart an leathanach ar oifigigh phoiblí ainmnithe ar shuíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí a thabhairt cothrom le dáta "go minic agus go tráthúil".

4) Tá feasacht ar an Acht in easnamh i measc oifigigh thofa (ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil araon). Tá "oibleagáidí eiticiúla" ar oifigigh phoiblí ainmnithe agus ba cheart iad sin a léiriú sa chód. Ba cheart oiliúint leantach a chur ar oifigigh phoiblí ainmnithe.

5) Ba cheart freagracht a bheith ar oifigigh phoiblí ainmnithe eolas a chur ar an gCód agus ar fhorálacha an Achta.

6) Tá comhlachtaí stáit tráchtála áirithe ag baint mí-úsáid as an gcumarsáid eiscthe maidir le "gnáthchúrsa gnó". Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir maidir leis an "gcumarsáid eiscthe" sin a eisiúint chuig gach gníomhaireacht stáit. Ba cheart don Choimisiún an ní sin a shoiléiriú sa Chód Iompair.

7) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar dhualgas ar leith a leagan ar oifigigh phoiblí ainmnithe cásanna ina bhféadfadh gur thionscain siad gníomhaíocht brústocaireacht le comhlacht poiblí a nochtadh.

8) Ba cheart freagracht a bheith ar oifigigh phoiblí ainmnithe aon chaidreamh a d'fhéadfadh a bheith acu le brústocairí a nochtadh agus níor cheart mí-úsáid na faisnéise rúnda a fuarthas óna stádas a bheith teoranta don tréimhse "mharana" amháin.

9) Luaitear sa téacs sa réamhrá a ghabhann leis an bPáipéar Comhairliúcháin gurb é aidhm an Achta a chinntiú go ndéantar ionadaíocht do leas ar bith i sochaí na hÉireann ar bhealach cothrom trédhearcach. Bíonn oifigigh phoiblí ainmnithe i roinn rialtais ar leith ag diúltú go seasta do bhualadh le heagraíocht ar leith, rud a "sháraíonn" meon an Achta. Ní mór tuilleadh oiliúna a chur ar oifigigh phoiblí ainmnithe, go háirithe iad sin atá ag úsáid an Achta chun diúltú do theagmháil.

10) Níor cheart líon ná raon na n-oifigeach poiblí ainmnithe a mhéadú.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas:

- I dtaca le míreanna 1 agus 2 thuas, d'ullmhaigh an Coimisiún treoir d'oifigigh phoiblí ainmnithe maidir leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil. Moltar sna Treoirlínte go gcoinneodh oifigigh phoiblí ainmnithe dea-nósanna coinneála taifead ar bun agus gur cheart dóibh bheith réamhghníomhach maidir lena chur in iúl do bhrústocairí féideartha go bhfuil oifigeach poiblí ainmnithe iontu agus iad ag freastal ar chruinniú nó ag glacadh páirt i nglao comhdhála, i measc nithe eile. Leagtar amach sna treoirlínte freisin roinnt dea-chleachtas d'oifigigh phoiblí ainmnithe agus áirítear leo a stádas mar oifigeach poiblí ainmnithe a chur in iúl i ríomhphoist agus ar chártaí gnó, i measc nithe eile.
- I dtaca le mír 3 thuas, ba cheart a thabhairt faoi deara go gceanglaítear le halt 6(4) den Acht ar chomhlachtaí poiblí sonraí atá cothrom le dáta faoina n-oifigigh phoiblí ainmnithe a fhoilsiú ar a suíomhanna Gréasáin. Déanann an Coimisiún teagmháil rialta le comhlachtaí poiblí maidir le ceanglais alt 6(4) den Acht. Iarradh ar chomhlachtaí poiblí ball foirne a ainmniú a bhféadfaidh an Coimisiún teagmháil a dhéanamh leis/léi maidir le hoifigigh phoiblí ainmnithe an chomhlachta. Rinneadh

treoir agus teimpléad le haghaidh an liosta d'oifigigh phoiblí ainmnithe a chothabháil a chur ar fáil cheana féin do na comhlachtaí poiblí go léir a bhfuil oifigigh phoiblí ainmnithe ceaptha acu.

- I dtaca le míreanna 4 agus 5 thuas, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur ar dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta atá an Cód Iompair dírithe. Níl sé dírithe ar chomhlachtaí poiblí nó ar oifigigh phoiblí ainmnithe. Tá a gCód Iompair féin ag oifigigh phoiblí ainmnithe. Leagtar amach an iompraíocht eiticiúil do Státseirbhísigh i gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, mar shampla, agus dearadh an Cód Iompair d'Fhostaithe Údaráis Áitiúil chun na bunluachanna um macántacht, neamhchlaontacht, ionracas agus freastal ar an leas coiteann a chur chun cinn. D'ullmhaigh an Coimisiún treoir d'oifigigh phoiblí ainmnithe maidir leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil. Moltar sa treoir gur cheart d'oifigigh phoiblí ainmnithe bheith ar an eolas faoi fhorálacha an Achta.
- I dtaca le mír 6 thuas, is ar dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta atá an Cód Iompair dírithe. Níl sé dírithe ar chomhlachtaí poiblí nó ar oifigigh phoiblí ainmnithe. Níl sé ar an sásra cuí, dá bhrí sin, le haghaidh dul i ngleic le mí-úsáid cumarsáide eiscthe. Tugann an Coimisiún faoi deara go ndearnadh moladh den chineál céanna maidir le comhairliúcháin ar an gcéad athbhreithniú ar an Acht a rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil ar an gcéad athbhreithniú ar an Acht, rinneadh tagairt don fhíric go raibh doiciméad ceisteanna coitianta ar an ní á chur le chéile ag an gCoimisiún. D'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad Ceisteanna Coitianta (Uimh. 23) ina dhiaidh sin. Cé nach bhfuil an Coimisiún in ann a shonrú cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist le gnáthchúrsa gnó gach comhlachta phoiblí, thug sé roinnt samplaí ginearálta de na nithe a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh a mheas a bheith ina gcumarsáid a dhéantar sa "ghnáthchúrsa gnó". Tarraingeoidh an Coimisiún aird na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an ní seo an athuair, áfach.
- I dtaca le mír 7 thuas, foráiltear go sonrach le halt 5(5)(j) den Acht gur cumarsáidí eiscthe iad cumarsáidí a dhéanann oifigeach poiblí ainmnithe ina c(h)áil mar oifigeach poiblí ainmnithe agus nach gníomhaíocht brústocaireachta iad. Más amhlaidh, áfach, go ndéantar an chumarsáid i gcáil éigin eile, mar shampla i gcáil mar stiúrthóir cuideachta, ní bheidh feidhm ag an díolúine agus d'fhéadfaí a mheas gur gníomhaíocht brústocaireachta í.
- I dtaca le mír 8 thuas, foráiltear do mhí-úsáid faisnéise rúnda cheana féin sna hAchtanna um Rúin Oifigiúla agus i gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse. Pléitear i gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse agus sa Chód Iompair d'Fhostaithe Údaráis Áitiúil araon leis na saincheisteanna um thionchar míchuí agus coinbhleachtaí leasa.
- I dtaca le mír 9 thuas, is é aidhm an Achta gan gníomhaíocht brústocaireachta a chosc nó a thoirmeasc. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí leanúint ar aghaidh ag éascú agus ag spreagadh na gcumarsáidí sin go gníomhach a mhéid is féidir. Tá roinnt srianta agus ceartúchán i bhfeidhm ag an Acht chun a chinntiú nach mbeidh éifeacht dhiúltach aige ar ghníomhaíocht brústocaireachta. Níor cheart do chomhlachtaí poiblí a bheith ag úsáid an Achta mar chúis le diúltú do theagmháil.

Cuirfidh an Coimisiún an méid sin in iúl an athuair sna treoirlínte uaidh d'oifigigh phoiblí ainmnithe agus tarraingeoidh sé aird na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an ní.

- I dtaca le mír 10 thuas, is faoin Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá sé a leagan síos cé hiad na seirbhísigh phoiblí a mheasfar a bheith ina n-oifigigh phoiblí ainmnithe chun críocha an Achta.
- Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir uaidh d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe roimh i bhfad. Maidir leis na tuairimí agus na moltaí a fuair sé i dtaca leis na freagrachtaí atá ar sheirbhísigh phoiblí agus ar chomhlachtaí poiblí, cuirfear san áireamh iad sna treoirlínte agus, nuair is cuí, léireofar iad sna treoirlínte. Sna treoirlínte athbhreithnithe, luafar gur cheart d'oifigigh phoiblí ainmnithe eolas a chur ar an gCód Iompair.

*Ról an Choimisiúin*

Ba iad seo a leanas na Tuairimí/Moltaí a fuarthas i dtaca le ról an Choimisiúin:

1) Is é an ról príomha ba cheart a bheith ag an gCoimisiún ná tacú le comhlíonadh dearfach an Achta a chur chun cinn, agus léiriú cuspóiriúil á thabhairt ar an Acht. Níor cheart pionóis a ghearradh as iarrachtaí a rinneadh de mheon macánta an tAcht a chomhlíonadh. I gcomhthéacs na n-oibleagáidí atá ar an Stát rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne sa saol poiblí a chur chun cinn agus a éascú, is féidir go bhfuil sé riachtanach a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart oibleagáidí tuairiscithe agus pionóis a chur i bhfeidhm maidir leis an tsochaí shibhialta agus le heagraíochtaí neamhbhrabúis ar an mbealach céanna a chuirtear i bhfeidhm iad maidir le brústocairí atá ag gníomhú ar son leasanna tráchtála nó thar a gceann.

2) Ba cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar an gcleachtas míthreorach trína bhfuil daoine ag cur roinnt tuairisceán ar an aon ábhar amháin isteach mar go bhféadfadh gur chleachtas é sin a dhéanann roinnt eagraíochtaí d'aon ghnó chun leibhéal a ngníomhaíochta brústocaireachta a chlaonadh.

3) Ba cheart don Choimisiún níos mó treorach agus mionsonraí a thabhairt faoi cad is gníomhaíocht brústocaireachta ann agus faoi cad nach gníomhaíocht brústocaireachta ann.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas:

- I dtaca le mír 1 thuas, is ar chomhlíonadh an Achta a chinntiú a dhíríonn an Coimisiún. Féachann sé lena chinntiú gurb iad na daoine sin a bhfuil ceanglas orthu bheith ar an gClár Brústocaireachta an t-aon ghrúpa daoine amháin atá cláraithe. Mar sin féin, ní dhéantar aon idirdhealú san Acht idir na cineálacha difriúla brústocairí atá ann ná idir cuspóir a ngníomhaíochtaí brústocaireachta. Ina theannta sin, ní fhoráiltear ann do chaitheamh difriúil le catagóirí difriúla brústocairí ó thaobh sáruithe, cionta agus pionós de. Dá bhrí sin, níl aon scóip ag an gCoimisiún a

chinneadh nár cheart do dhuine a rinne cion bheith faoi réir an phionóis iomchuí ar an mbonn gur eagraíocht neamhbhrabúis é an duine sin agus nach brústocaire tráchtála é/í.

- I dtaca le mír 2 thuas, tá an Coimisiún ag féachaint go réamhghníomhach lena chinntiú go gcuirfear ar áireamh san aon tuairisceán amháin na gníomhaíochtaí brústocaireachta go léir a seoladh ar an aon ábhar amháin le linn na tréimhse tuairiscithe. I gcás go dtagann an Coimisiún ar an eolas gur chuir duine roinnt tuairisceán isteach i dtaca leis an aon ábhar amháin, iarrfaidh sé ar an duine a t(h)uairisceán a leasú nó a chomhdhlúthú.
- I dtaca le mír 3 thuas, d'ullmhaigh an Coimisiún sraith treoirlínte, nótaí treorach agus Ceisteanna Coitianta faoi cad is brústocaireacht ann de réir an Achta. Cé go bhfuil an Coimisiún in ann roinnt samplaí ginearálta a thabhairt faoi na nithe a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh a bheith ina ngníomhaíocht brústocaireachta, ní thugann sé comhairle shonrach maidir le cé acu is gníomhaíocht brústocaireachta í cumarsáid ar leith nó nach ea. Tá sé faoin duine atá ag déanamh na cumarsáide a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil sé/sí faoi raon feidhme an Achta agus an amhlaidh nó nach amhlaidh, de réir an tsainmhínithe a thugtar san Acht, go bhfuil an chumarsáid ina "cumarsáid iomchuí" in ionad í a bheith ina "cumarsáid eiscthe".

### *Tréimhse mharana*

Ba iad seo a leanas na Tuairimí/Moltaí a fuarthas i dtaca leis an tréimhse mharana dá bhforáiltear in alt 22 den Acht:

1) Ba cheart foilsiú a dhéanamh ar iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht (ar an tréimhse mharana a tharscaoileadh nó a laghdú) agus ar phróiseas cinnteoireachta an Choimisiúin ina leith. Ní leor tuairisciú stairiúil gan ainm ar iarratais agus breitheanna alt 22 agus ní mhaolaíonn sé an imní nach bhfuiltear ag cloí go comhsheasmhach le halt 22 den Acht. Ba cheart iarratais agus breitheanna alt 22 a phostáil gach 4 mhí ar lobbying.ie.

2) Ba cheart an próiseas achomhairc le haghaidh bhreitheanna alt 22 a bheith lasmuigh den Choimisiún.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas:

- I dtaca le mír 1 thuas, ní fhoráiltear leis an Acht d'iarratais agus breitheanna alt 22 a thuairisciú. Foráiltear do thuairiscí ón gCoimisiún in alt 24 den Acht. Foráiltear le halt 24 go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil le chéile. Cuimseofar sa tuarascáil bhliantúil sonraí faoi aon iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht agus faoi na breitheanna go léir i dtaobh na n-iarratas sin sa bhliain dá dtagraítear sa tuarascáil. Foráiltear le halt 24, áfach, nach mór an fhaisnéis a chuimsítear sa tuarascáil a bheith "i bhfoirm nach gcumasaíonn na daoine aonair lena mbaineann a aithint...".

- I dtaca le mír 2 thuas, foráiltear le halt 23 den Acht go gceapfaidh an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe painéal oifigeach achomhairc neamhchlaonta neamhspleách. Foráiltear le halt 23(5) den Acht go n-ainmneoidh an Coimisiún oifigeach achomhairc chun an t-achomharc a bhreithniú i gcás go bhfaighidh an Coimisiún fógra faoi achomharc. Foráiltear le halt 23(7) den Acht go bhféadfaidh an tAire an nós imeachta a fhorordú a bheidh le leanúint le linn achomhairc a stiúradh. Leagtar an nós imeachta sin síos i Rialacháin an Achta um Brústocaireacht a Rialáil (Achomhairc), 2015. Sonraítear sna nósanna imeachta go dtabharfaidh an Coimisiún fógra don achomharcóir faoi ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh achomhairc ainmnithe.

*Ról an Chláir*

Ba iad seo a leanas na Tuairimí/Moltaí a fuarthas i dtaca le ról an Chláir:

1) Sula bhfuiltear in ann an próiseas clárúcháin a chur i gcrích, ní mór do gach cláraí nua a fhíorú tríd an bpróiseas clárúcháin ar líne gur léigh siad an Cód Iompair agus go dtabharfaidh siad aird air. Ní mór dóibh sin atá cláraithe cheana féin an rud céanna a fhíorú tríd an gcóras tuairisceáin ar líne sula mbeidh siad in ann an chéad tuairisceán eile uathu a chur isteach.

2) Ba cheart an méid airgid a chaitear ar bhrústocaireacht a dhearbhú agus a chur ar áireamh i dtuairisceáin chuig an gClár. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar an 50 brústocaire is mó agus ar a mbuiséad brústocaireachta.

3) Tríd an gclár, ba cheart deis a thabhairt d'eagraíochtaí a mballraíocht de chomhlachais trádála agus de chomhlachtaí gairmiúla agus na Cóid ghairmiúla a gcloíonn siad leo a dhearbhú.

Is é seo a leanas an freagra ón gCoimisiún ar na tuairimí agus na moltaí thuas:

- I dtaca le mír 1 thuas, ní chomhaontaíonn an Coimisiún leis an moladh. Ní éigeantach ná infhorfheidhmithe atá an Cód Iompair. Má cheanglaítear ar dhaoine a fhíorú gur léigh siad an Cód agus go dtabharfaidh siad aird air, is féidir go gcruthófar deacrachtaí oibríochtúla mar go bhféadfadh nach mbeadh daoine in ann a dtuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chlárú nó a chur isteach in am agus mar go bhféadfadh go mbeadh siad ag sárú na reachtaíochta agus ag fáil pionós. Cinnteoidh an Coimisiún, áfach, go mbeidh an Cód le fáil in áit fheiceálach ar an gclár agus go mbeidh naisc chuig an gCód ar fáil ar fud na bpróiseas clárúcháin agus tuairisceáin.
- I dtaca le mír 2 thuas, ní dhéantar aon fhoráil san Acht i ndáil le caiteachas ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta. Dá bhrí sin, níl fáil ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le buiséad brústocaireachta na mbrústocairí.
- I dtaca le mír 3 thuas, leagtar amach in alt 11 den Acht an fhaisnéis nach mór a bheith curtha ar fáil ag duine ar mian leis/léi bheith ar áireamh ar an gClár

Brústocaireachta. Leagtar amach in alt 12 den Acht an fhaisnéis nach mór a chur ar áireamh i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta. Ní fhoráiltear le halt 11 ná le halt 12 den Acht d'fhaisnéis a chur ar áireamh a bhaineann le comhlachais trádála, le comhlachtaí gairmiúla agus le Cóid ghairmiúla a bhféadfadh eagraíochtaí ar leith cloí leo. Is é cuspóir an chláir faisnéis a chur ar fáil maidir le cé hiad na daoine nó na heagraíochtaí atá ag déanamh brústocaireachta, cé hiad na daoine nó na heagraíochtaí a bhfuil brústocaireacht á déanamh orthu agus cé na nithe a bhfuil brústocaireacht á déanamh ina leith. Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil sé níos oiriúnaí faisnéis a bhaineann le comhlachais trádála, le comhlachtaí gairmiúla agus le Cóid ghairmiúla a bhféadfadh eagraíocht ar leith cloí leo a chur ar fáil ar shuíomh Gréasáin na heagraíochta í féin.

## 6. Comhfhreagras leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Measann an Coimisiún go bhféadfadh roinnt de na tuairimí agus na moltaí a fuair sé mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an gCód Iompair dul chun tairbhe don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhthéacs an chéad athbhreithnithe reachtúil eile a dhéanfaidh sí ar an Acht. Tá sé beartaithe an próiseas comhairliúcháin sin a chur ar siúl i mí Mheán Fómhair 2019. Scríobh an Coimisiún chuig an Roinn agus tharraing sé a haird ar roinnt de na tuairimí agus moltaí ábhartha.

## 7. Foilsiú na Tuarascála agus For-rochtain

Leag roinnt eagraíochtaí béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcód deiridh a scaipeadh go fairsing agus lena chinntiú go bhfuil daoine ar an eolas faoi agus go dtuigeann siad a thábhachtaí atá sé. Moladh freisin go gcuirfí an Cód ar fáil i roinnt de theangacha agus d'fhormáidí inrochtana. Moltar gur cheart do gach oifigeach poiblí ainmnithe cóip den Chód a fháil trína Roinn faoi seach. Moladh freisin go n-úsáidfí an Cód mar dheis le "béim a leagan an athuair" ar chlúdach na reachtaíochta agus go bhféadfaí é a úsáid chun a chur in iúl cé chomh tábhachtach is atá "cultúr comhlíonta" ar fud stáit an Aontais Eorpaigh.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún foilsiú an Chóid Iompair a úsáid mar dheis le tuilleadh for-rochtana a dhéanamh ar Bhrústocaireacht a Rialáil. Beidh an Cód le fáil in áit fheiceálach ar lobbying.ie. Beidh sé ar fáil i bhformáid inrochtana i nGaeilge agus i mBéarla araon. Beidh naisc chuig an gCód ar fáil ar fud na bpróiseas clárúcháin agus tuairisceáin. Cuirfear an Cód ar fáil do na Ranna Rialtais agus na comhlachtaí poiblí go léir a bhfuil oifigigh phoiblí ainmnithe forordaithe acu. Iarrfar ar na Ranna/Comhlachtaí Poiblí aird a n-oifigeach poiblí ainmnithe a tharraingt ar an gCód agus a dheimhniú go ndearna siad amhlaidh.

## Aguisín A - Daoine a chuir tuairimí nó moltaí ar fáil

1) Alcohol Action Ireland.
2) American Chamber of Commerce Ireland.
3) Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann.
4) An tUas. Declan Carty.
5) Cumann Comhlachais Tráchtála na hÉireann.
6) An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.
7) An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.
8) An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
9) An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
10) An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.
11) An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
12) Cónaidhm na hÉireann um Míchumas.
13) Ervia.
14) Parlaimint na hEorpa – Comhrúnaíocht an Chláir Trédhearcachta.
15) An tUas. J. Flood, Co. Bhaile Átha Cliath
16) An tUas. Michael Healy-Rae TD.
17) An tArd-Údarás um Thrédhearcacht sa Saol Poiblí.
18) An Dr John Hogan, an Lárionad um Ghnó, Sochaí agus Inbhuanaitheacht, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.
19) Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC).
20) Comhairle um Chearta an Duine.
21) Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann.
22) Foras Croí na hÉireann.
23) Eagraíocht Sealbhóirí Morgáiste na hÉireann.
24) Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe (ISPCA).
25) Eagraíocht Táirgeoirí Éisc Dheisceart agus Iarthar na hÉireann.
26) Coiste Comhairleach Dhéantóirí Tobac na hÉireann (ITMAC).
27) Eagraíocht Iascairí na gCealla Beaga Teo.
28) An tUas. Matt Moran, Corcaigh.
29) Cónaidhm Náisiúnta na Nuachtánaithe Miondíola.
30) Office of the Commissioner of Lobbying of Canada.
31) Cumann na Sainchomhairleoirí Caidrimh Phoiblí (PRCA).
32) Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí (PRII).
33) Ceartas Sóisialta Éireann.
34) SSE Ireland.
35) The Wheel.
36) Transparency International.
37) Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chill Mhantáin.